Culture and Creativity Plan 2017
Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

Creative Ireland Laois
Éire Ildánach Laois

Contents
ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	7	Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in Laois	9	Foireann Éire Ildánach Laois
Implementation	12	Forfheidhmiú
Projects for 2017	14	Tionscadail don bhliain 2017
Promotional Projects 2017	16	Imeachtaí Poiblíochta 2017

I bpáirt leis an bpobal

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

Foreword
RÉAMHRÁ

County Laois is delighted to be part of the Creative Ireland Programme. Being part of a countrywide programme gives us a collective voice. There is strength in numbers and Laois welcomes the opportunity to be part of this.

In 2016, through the Easter Rising Commemoration Programme, we witnessed significant societal benefits through the many cultural activities undertaken in the community. We have gleaned a lot from the experience in running the 2016 Commemoration programme and will use it to our advantage in preparing for the Creative Ireland Programme locally. Through our recently established Culture Team in Laois County Council, representing expertise in the arts, library, heritage and community, Laois County Council looks forward to leading and engaging with the Creative Ireland Programme 2017-2022.

County Laois has developed cultural initiatives which have impacted strongly locally in the last twenty years. We work in partnership with the Arts Council and have benefited greatly from the collaboration. We have built our arts and library infrastructure to a high standard and we are proud of the leadership undertaken by Laois County Council. These include the Dunamaise Arts Centre (1999) and the Laois Arthouse (2011). The Dunamaise Arts Centre is a multi-disciplinary arts centre and the primary performance space in the county. It also has workshops spaces, digital cinema facilities and an exhibition space. The Laois Arthouse offers artists' studios and living accommodation, a small gallery, a kiln, a garden space and opportunities for artists.

Tá lúcháir ar Chontae Laoise a bheith páirteach i gClár Éire Ildánach. Is ionann páirt a ghlacadh i gclár náisiúnta agus guth comhchoiteann a bheith againn. Ní neart go cur le chéile agus fáiltíonn Laois roimh an deis chun bheith páirteach sa ghnó seo.

Sa bhliain 2016, trí Chlár Comórtha Éirí Amach na Cásca, chonaic muid na tairbhí suntasacha sochaíocha a bhí ann mar thoradh ar an iliomad gníomhaíochtaí cultúir a bhí ar siúl sa phobal. D'fhoghlaim muid cuid mhór ón táithí a fuarthas le linn clár Chomóradh 2016 a reáchtáil agus bainfear leas as sin nuair a bheidh ullmhúchán a dhéanamh go háitiúil do Chlár Éire Ildánach. Tríd an Meitheal Cultúir a bunaíodh le déanaí i gComhairle Chontae Laoise, agus ar a bhfuil saineolaithe ó réimsí na n-ealaíon, na leabharlainne, na hoidhreachta agus an phobail, tá Comhairle Chontae Laoise ag tnúth le Clár Éire Ildánach 2017-2022 a stiúradh agus páirt a ghlacadh ann.

Le fiche bliain anuas tá gníomhaíochtaí cultúir forbartha ag Contae Laoise ar gníomhaíochtaí iad a raibh tionchar mór áitiúil acu. Oibrímid i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon agus tá tairbhe mhór faighte againn ón gcomhoibriú sin. Tá ár n-infreastruchtúr ealaíon agus leabharlainne bunaithe ar ardchaighdeán agus táimid bródúil as an gceannaireacht atá léirithe ag Comhairle Chontae Laoise. Áiríonn an t-infreastruchtúr sin Ionad Ealaíon Dhún Másc (1999) agus Teach Ealaíne Laoise (2011). Is ionad ealaíon ildisciplíneach é Ionad Ealaíon Dhún Másc agus is é an príomhspás taibhiúcháin sa chontae e. Tá spásanna ceardlainne, saoráidí cineama dhigitigh agus spás le haghaidh taispeántas ann freisin. Tá stiúideonna agus cóiríocht d'ealaíontóirí ar fáil i dTeach Ealaíne Laoise, mar aon le gailearaí beag, áith, spás garraí agus deiseanna d'ealaíontóirí.

Laois School of Music and Music Generation Laois are led by Laois County Council and supported locally by Laois Offaly ETB and Laois Partnership. In 2016, over 3,000 young people accessed weekly music programmes, and many more participated in short term programmes and performances.

Newly refurbished libraries in Abbeyleix, Mountmellick, Mountrath, Durrow, Portarlington and Stradbally provide a welcoming accessible cultural space. We are developing a new county library in Portlaoise in the next two years. The New County Library will be situated in the town centre on Main Street and will cater to the needs of an increased and changing population providing increased public areas for cultural events, genealogy, local studies for all citizens and also visitors to the town and environs.

The heritage and landscape of Laois are rich and varied, and Laois County Council has worked with state agencies, community groups and private owners in recent years to develop and promote the heritage sites and assets of the county for the benefit of both local communities and visitors. State-owned sites such as the Rock of Dunamase, Emo Court, Heywood Gardens, Killeshin Romanesque Church and the Timahoe Round Tower are managed in a way that enhances their heritage value and complements the tremendous community and voluntary efforts made at Donaghmore Workhouse, Aghaboe Abbey, Abbeyleix Heritage House, Mountmellick Museum and the Attanagh Fly-fishing Museum.

Tagann Scoil Cheoil Laoise agus Giniúint Ceoil Laoise faoi cheannas Chomhairle Chontae Laoise agus faigheann siad tacaíocht áitiúil ó BOO Laoise-Uíbh Fhailí agus ó Chomhpháirtíocht Laoise. Sa bhliain 2016, fuair os cionn 3,000 duine óg rochtain ar chláir sheachtainiúla cheoil agus ghlac cuid mhór eile páirt i gcláir agus i dtaibhiúcháin de chineál gearrthéarma.

Soláthraíonn leabharlanna nua-athfheistithe i Mainistir Laoise, i Móinteach Mílic, i Maighean Rátha, i nDarú, i gCúil an tSúdaire agus sa Sráidbhaile spás fáilteach inrochtana cultúir. Beidh leabharlann chontae nua á forbairt againn i bPort Laoise sa dá bhliain atá díreach romhainn. Beidh an Leabharlann Chontae Nua suite i lár an bhaile ar an tSráid Mhór agus freastalóidh sí ar na riachtanais atá ag daonra méadaithe athraitheach trí limistéir mhéadaithe phoiblí a sholáthar le haghaidh imeachtaí cultúir, ginealais agus staidéir áitiúla do na saoránaigh go léir agus do chuairteoirí a thagann chuig an mbaile agus chuig an gceantar máguaird.

Tá oidhreacht agus tírdhreach de chineál saibhir ilchineálach ann i Laois agus, le blianta beaga anuas, tá Comhairle Chontae Laoise tar éis oibriú le gníomhaireachtaí stáit, le grúpaí pobail agus le húinéirí príobháideacha chun láithreáin agus sócmhainní oidhreachta an chontae a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhaithe le pobail áitiúla agus le cuairteoirí araon. Déantar láithreáin de chuid an Stáit, amhail Carraig Dhún Másc, Cúirt Ioma, Gairdíní Heywood, Teampall Rómhánúil Chill Uisean agus Cloigtheach Thig Mochua, a bhainistiú ar mhodh ina bhfeabhsaítear a luach oidhreachta agus ina gcomhlánaítear saothar iontach na hearnála pobail agus deonaí i dTeach na mBocht, Domhnach Mór, i Mainistir Achadh Bhó, Mainistir Laoise, i dTeach Oidhreachta Mhainistir Laoise, i Músaem Mhóinteach Mílic agus i Músaem Iascaireachta Cuileoige Áth Tanaí.

The Laois Heritage Trail and Laois Monastic Trail highlight over twenty places of interest for visitors to explore the story of the county with audio guides available for these sites in a range of languages, in the Laois Heritage Trails smartphone app, created in 2016 with support from Fáilte Ireland. Laois is an integral part of the Ireland's Ancient East region and we are working closely with Fáilte Ireland to develop and promote the heritage sites of the county for visitors from across Ireland and overseas.

We are looking forward to developing Laois's Creative Plan 2018-22 later this year; embracing the Creative Ireland Programme 2017-2022 and all the benefits it will bring to our county.

Cllr. Tom Mulhall,
Cathaoirleach

John Mulholland,
Chief Executive

Tá os cionn fiche ionad is díol spéise ar fáil ar Chosán Oidhreachta Laoise agus ar Chosán Mhainistreacha Laoise ar ionaid iad ina féidir le cuairteoirí foghlaim faoi scéal an chontae agus tá clostreoracha ar fáil do na láithreáin sin i roinnt teangacha in aip fóin chliste Chosáin Oidhreachta Laoise a cruthaíodh sa bhliain 2016 le tacaíocht ó Fháilte Éireann. Tá Laois ina cuid dhílis de réigiún Oirthear Ársa na hÉireann agus táimid ag obair go dlúth le Fáilte Éireann chun láithreáin oidhreachta an chontae a fhorbairt agus a chur chun cinn do chuairteoirí ó áiteanna ar fud na hÉireann agus thar lear.

Táimid ag tnúth le Plean Cruthaitheachta Laoise 2018-22 a fhorbairt níos déanaí i mbliana rud a chuimseoidh Clár Éire Ildánach 2017-2022 agus na tairbhí go léir a gheobhaidh ár gcontae mar thoradh air.

Cllr. Tom Mulhall,
Cathaoirleach

John Mulholland,
Chief Executive

The Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH LAOIS

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 - Éire Ildánach, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is é Clár Éire Ildánach an tionscnamh de chuid an Rialtais a eascraíonn le hoidhreacht ó Éire 2016. Tionscnamh cúig bliana atá ann, ó 2017-2022, trína gcuirtear an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Tionscnamh ardleibhéil, ardaidhme uile-rialtais atá ann d'fhonn an chruthaitheacht a chur ina gnáthchuid de shaol an náisiúin ionas gur féidir linn ar fad, asainn féin agus i gcomhar lena chéile, an acmhainn chruthaitheachta atá ionainn a thabhairt in inmhe agus chun foirfeachta sa saol pearsanta agus i bhforais éagsúla na tíre.

Tionscnamh atá i gClár Éire Ildánach atá bunaithe ar an gcultúr agus atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunsmaoineamh go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích.

Ina theannta sin, is é Clár Éire Ildánach an príomhchóras trína gcuirfear i bhfeidhm na tosaíochtaí a leagtar amach i ndoiciméad polasaí an Rialtais dar teideal Cultúr 2025/Éire Ildánach, ina luaitear gur gné bhunúsach de Stát na hÉireann na healaíona agus an cultúr agus ina n-admhaítear gur gá teacht a bheith níos furasta ar ghnéithe de na healaíona, rannpháirtíocht sna healaíona a bheith níos coitianta, borradh a chur faoi thionscail na cruthaitheachta agus an oidhreacht a chaomhnú, le béim faoi leith ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht.

Tá an clár bunaithe ar théamaí an aitheantais, an chultúir agus na saoránachta. Is iad na prionsabail lárnacha oibriúcháin atá ann ná an Comhar agus an Chumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag údaráis áitiúla i dtaca le Clár Éire Ildánach, ina iomláine,

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland Programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for the Programme to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916. This Plan sets out the beginning of Laois's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.

Laois County Council supports the intrinsic values outlined in Culture 2025 – Éire Ildánach such as putting culture at the heart of our lives, fostering creativity, celebrating our cultural heritage and traditions, recognising the importance of culture to society, the value of collaboration, the importance of the international dimension and responding to our digital age. The Creative Ireland Programme provides opportunities for us to build on our successes in developing public engagement with, and participation in, creative cultural activity across the county. Arts, Heritage, Architecture, Conservation and Library Services play an increasingly important role as cultural agents, and the Creative Ireland Programme builds on the excellent practice which has already been established in Laois County Council.

Consequently our Culture Team has devised a high quality, imaginative and varied programme of events for 2017 which builds on our existing strengths and expertise and showcases the strong cultural offer available in county Laois. Our programme will make a difference to the lives of citizens, build cohesive communities and engage more people in cultural experiences.

a chur i gcrích agus tá sainordú eisiach acu, trína gcuid meithleacha cultúir, Colún 2 den chlár a chur i gcrích - Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal. Tá cineachadh na freagrachta i leith an Chláir seo chuig na húdaráis áitiúla bunaithe ar thionchar urghnách na dtionscadal comhoibríoch a chomhordaigh údaráis áitiúla do chothrom céad bliain 1916. Sa Phlean seo, leagtar amach tús ról Laoise sa turas cúig bliana seo, ar tionscnamh fíorthábhachtach polasaí náisiúnta é atá dírithe ar chultúr agus ar fholláine.

Tacaíonn Comhairle Chontae Laoise leis na luachanna bunriachtanacha atá leagtha amach in Cultúr 2025/Éire Ildánach, amhail an cultúr a chur ag croílár ár saol, an chruthaitheacht a chothú, ár n-oidhreacht chultúrtha agus ár dtraidisiúin chultúrtha a cheiliúradh, aitheantas a thabhairt dá thábhachtaí atá an cultúr sa tsochaí, luach an chomhoibrithe, an tábhacht a bhaineann leis an ngné idirnáisiúnta agus freagairt don ré dhigiteach. Soláthraíonn Clár Éire Ildánach deiseanna dúinn chun cur lenár rath ó thaobh forbairt a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail i ngníomhaíochtaí cultúir ar fud na tíre. Tá ról níos tábhachtaí ná riamh ag na hEalaíona, ag an Oidhreacht, ag an Ailtireacht, ag an gCaomhnú agus ag Seirbhísí Leabharlainne mar ghníomhairí cultúir agus baineann Clár Éire Ildánach leas as an gcleachtas sármhaith atá curtha ar bun i gComhairle Chontae Laoise.

Dá bharr sin, tá ár Meitheal Cultúir tar éis clár ardchaighdeáin, samhlaíoch, ilchineálach imeachtaí a cheapadh don bhliain 2017, ar clár é ina mbaintear leas as ár láidreachtaí láithreacha agus as ár saineolas agus ina dtugtar léiriú ar an méid mór atá le tairiscint i gcontae Laoise ó thaobh cúrsaí cultúir de. Déanfaidh ár gclár difear do shaol na saoránach, bunóidh sé pobail chomhtháite agus tabharfaidh sé deis do líon níos mó daoine chun bheith páirteach in eispéiris chultúir.

The Creative Ireland Team in Laois
FOIREANN ÉIRE ILDÁNACH SAN LAOIS

The team engaged to lead the Creative Ireland Programme in Laois (the Culture Team) will be coordinated in 2017 by Muireann Ní Chonaill, Arts Officer, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The full members of the Culture Team are:

Beidh an mheitheal atá tiomsaithe chun Clár Éire Ildánach a stiúradh i Laois (an Mheitheal Cultúir) á comhordú sa bhliain 2017 ag Muireann Ní Chonaill, Oifigeach Ealaíon, ar duine de 31 chomhordaitheoir náisiúnta í a oibríonn mar mheitheal náisiúnta chun Clár Éire Ildánach a chur i gcrích. Is iad seo a leanas na lánbhaill den Mheitheal Cultúir:

Donal Brennan

Director of Services
Donal Brennan is Director of Services in Laois County Council. His responsibilities include an oversight role for Corporate Services, Culture, Arts, Sports and Library Services in County Laois.

Stiúrthóir Seirbhísí
Tá Donal Brennan ina Stiúrthóir Seirbhísí i gComhairle Chontae Laoise. I measc a chuid dualgas áirítear ról formhaoirseachta i ndáil le Seirbhísí Corparáideacha, Cultúr, Ealaíona, Spóirt agus Seirbhísí Leabharlainne i gContae Laoise.

Michael Rainey

Senior Executive Officer
With a previous background in environmental research, Michael Rainey has 16 years' experience in Local Government including six years as the Housing Officer for the Council before taking up the position of Senior Executive Officer in Environment, Community, Arts, Sports and Tourism in 2016.

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Baineann cúlra Michael Rainey le taighde comhshaoil agus tá taithí 16 bliana aige sa Rialtas Áitiúil, lena n-áirítear sé bliana mar Oifigeach Tithíochta don Chomhairle sula ndeachaigh sé i mbun an phoist mar Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach sa réimse Comhshaoil, Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta sa bhliain 2016.

Muireann Ní Chonaill

Arts Officer and County Coordinator
Muireann Ni Chonaill is Arts Officer in Laois County Council since 1991. She is a graduate of Arts Administration from UCD and the MA programme in Visual Arts Practices from IADT.

Oifigeach Ealaíon agus Comhordaitheoir Contae
Tá Muireann Ní Chonaill ina hOifigeach Ealaíon i gComhairle Chontae Laoise ó bhí an bhliain 1991 ann. Is céimí Riaracháin Ealaíon de chuid COBÁC í agus tá MA aici ó IADT i gCleachtais Amharcealaíon.

Catherine Casey

Heritage Officer
Catherine has been Heritage Officer for Laois since 2003. She works with the Laois Heritage Forum, a consultative group made up of a range of agencies and community representatives with an interest in the built, natural and cultural heritage of the county, to deliver the actions of the Laois Heritage Plan. The Forum is currently working to deliver the third Heritage Plan for Laois, with the support of the Heritage Council.

Oifigeach Oidhreachta
Tá Catherine ina hOifigeach Oidhreachta do Laois ó bhí an bhliain 2003 ann. Oibríonn sí le Fóram Oidhreachta Laoise, ar grúpa comhairliúcháin é atá comhdhéanta de raon gníomhaireachtaí agus ionadaithe pobail a bhfuil spéis acu san oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha agus chultúir, chun gníomhaíochtaí Phlean Oidhreachta Laoise a chur i gcrích. Faoi láthair, tá an Fóram ag obair chun an tríú Plean Oidhreachta do Laois a chur i gcrích, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.

Bernie Foran

Acting County Librarian
Bernie Foran is Acting County Librarian in Laois County Council since 2011 with responsibility for the management and development of library services and Archives. Bernie has overseen the capital development of branch libraries in the county, implementing the actions of "Opportunities for All", the public library strategy of Ireland 2013-2017 in County Laois.

Leabharlannaí Contae Gníomhach
Tá Bernie Foran ag feidhmiú mar Leabharlannaí Contae Gníomhach i gComhairle Chontae Laoise ó bhí an bhliain 2011 ann agus freagracht uirthi i ndáil le bainistiú agus forbairt na seirbhísí leabharlainne agus na Cartlainne. Tá formhaoirseacht déanta ag Bernie ar fhorbairt chaipitiúil na leabharlann brainse sa chontae, agus forfheidhmiú déanta aici i gContae Laoise ar "Deiseanna do Chách", straitéis do leabharlanna poiblí na hÉireann 2013-2017.

Rosa Flannery

Coordinator, Music Generation Laois
Rosa Flannery was appointed Co-ordinator of Music Generation Laois in 2012. A native of Co Donegal, Rosa is a graduate of the MA in Arts Policy and Practice in NUI Galway. Previous roles include working with the Donegal Music Education Partnership, Nomad Theatre Company, Tulca Festival of Visual Arts, Droichead Arts Centre and Galway Arts Festival.

Comhordaitheoir, Giniúint Ceoil Laoise
Ceapadh Rosa Flannery mar Chomhordaitheoir Ghiniúint Ceoil Laoise sa bhliain 2002. As Dún na nGall ó dhúchas í, agus tá MA aici ó OÉ, Gaillimh, i bPolasaí agus Cleachtas Ealaíon. I measc na ról a bhí aici roimhe seo áirítear obair le Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall, le Nomad Theatre Company, le Tulca Festival of Visual Arts, le Droichead Arts Centre agus le Féile Ealaíon na Gaillimhe.

Sinéad Ryan

Acting Coordinator, Laois School of Music
Sinéad Ryan was appointed Assistant Coordinator of Music Generation Laois in January 2015. Hailing from Co Tipperary, Sinéad graduated from UCC in 2012 with a BA and BMus, followed by an MA in Arts Administration and Cultural Policy from Goldsmiths College, University of London where she interned with the London International Festival of Theatre.

Sinéad Ryan, Comhordaitheoir Gníomhach, Scoil Cheoil Laoise
Ceapadh Sinéad Ryan mar Chomhordaitheoir Cúnta Ghiniúint Ceoil Laoise i mí Eanáir 2015. As Co. Thiobraid Árann í agus fuair Sinéad céim BA agus Bmus ó UCC sa bhliain 2012 agus, ina dhiaidh sin, fuair sí MA i Riarachán Ealaíon agus Polasaí Cultúir ó Goldsmiths College, Ollscoil Londan, áit ina raibh sí mar intéirneach leis an London International Festival of Theatre.

Bridie Keenan

Assistant Arts Officer
Bridie Keenan has worked in the Laois Arts Office since 1999. Appointed Assistant Arts Officer in 2001, her role is to assist in the delivery and development of a comprehensive and varied arts programme in the county.

Oifigeach Ealaíon Cúnta
Tá Bridie Keenan ag obair in Oifig Ealaíon Laoise ó bhí an bhliain 1999 ann. Ceapadh mar Oifigeach Ealaíon Cúnta sa bhliain 2001 í agus is é atá sa ról atá aici ná cabhrú le clár cuimsitheach ilchineálach ealaíon a chur i gcrích agus a fhorbairt sa chontae.

Patricia O'Rourke

Clerical Officer and Creative Laois Committee Secretary
Previously employed as a Qualified Financial Advisor with Irish Nationwide Building Society, Permanent TSB, Portlaoise Credit Union and Bank of Ireland, Patricia O'Rourke joined Laois County Council as Clerical Officer in 2016 as part of the Arts office team.

Oifigeach Cléireachais agus Rúnaí Choiste Laois Ildánach
D'oibrigh sí roimhe seo mar Chomhairleoir Airgeadais Cáilithe san earnáil phríobháideach agus tháinig sí isteach i gComhairle Chontae Laoise i mí Aibreáin 2016 mar chuid d'fhoireann na hoifige Ealaíon.

Michelle de Forge

Director of Dunamaise Arts Centre
Appointed in 2012, Michelle is responsible for a year round, diverse programme of performing and visual arts which attracts over 25,000 people of all ages per annum. Collaborating with local, national and international artists, curators, theatre companies and musicians, Dunamaise presents life-enhancing audience experiences in all art forms.

Stiúrthóir Ionad Ealaíon Dhún Másc
Ceapadh Michelle sa bhliain 2012 agus tá freagracht uirthi i ndáil le clár ilghnéitheach ealaíon taibhiúcháin agus amharcealaíon a chur i gcrích ó cheann ceann na bliana, ar clár é a tharraingíonn os cionn 25,000 duine sa bhliain as gach aoisghrúpa. I gcomhar le healaíontóirí, coimeádaithe, complachtaí amharclainne agus ceoltóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, cuireann Dún Másc eispéiris feabhsaithe saoil ar fáil i ngach réimse ealaíne.

The Culture Team

The Laois Culture team has met regularly under the stewardship of Donal Brennan, Director of Services, and this will continue for the lifetime of the programme. The Director and the County Coordinator, Muireann Ní Chonaill, will update the Management Team, Strategic Policy Committees and the elected members of Laois County Council on progress with planning and implementation of the Creative Ireland Programme in Laois. The County Coordinator will liaise with the national project team and give feedback at local level to the Culture Team and local community. All projects and programmes will be monitored and reviewed as necessary.

An Mheitheal Cultúir

Tá meitheal Cultúir Laois tagtha le chéile go tráthrialta faoi chúram Donal Brennan, Stiúrthóir Seirbhísí, agus leanfar den nósmhaireacht sin ar feadh ré an chláir. Coimeádfaidh an Stiúrthóir agus an Comhordaitheoir Contae, Muireann Ní Chonaill, an Fhoireann Bhainistíochta, na Coistí Beartais Straitéisigh agus comhaltaí tofa Chomhairle Chontae Laoise cothrom le dáta maidir le dul chun cinn ó thaobh phleanáil agus chur i bhfeidhm Chlár Éire Ildánach i Laois. Déanfaidh an Comhordaitheoir Contae idirchaidreamh leis an meitheal tionscadail náisiúnta agus tabharfaidh sí aiseolas ar an leibhéal áitiúil don Mheitheal Cultúir agus don phobal áitiúil. Déanfar faireachán agus athbhreithniú ar gach tionscadal agus ar gach clár de réir mar is gá.

Implementation
FORFHEIDHMIÚ

We will work closely with the Laois Public Participation Network (PPN) in design and delivery of this programme in Laois. There are 340 groups registered with the PPN, through the Community and Voluntary, Social Inclusion and Environmental Pillars. The key goals of the PPN are to facilitate participation and representation; capacity building; and to provide information. Accordingly, the PPN will be a key resource for the Creative Laois team and Pamela Tynan, the PPN Resource Worker for Laois, will help to ensure that community engagement in the development and delivery of the programme is maximised.

Separate social media accounts have been set up for the Creative Ireland programme in Laois. These are at www.facebook.com/creativelaois and twitter.com/creativelaois. These social media channels will be developed and used to communicate with people in the county and further afield on all aspects of the design and implementation of the programme.

The social media of the Arts Office, Heritage Office and Laois Libraries Service will also be used to promote projects and events and to reach a wider audience. We have close relationships with local print, broadcast and online media and these will be developed and used throughout the programme to promote the projects and communicate with the public locally.

Oibreoimid go dlúth le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Laoise i dtaca le dearadh agus cur i gcrích an chláir seo i Laois. Tá 340 grúpa cláraithe le LRP trí na Colúin seo a leanas: Pobal agus Deonach, Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Comhshaol. Is iad príomhaidhmeanna LRP rannpháirtíocht agus ionadaíocht a éascú; cumas a bhunú; agus faisnéis a thabhairt. Oibreoidh an Mheitheal Cultúir i Laois go dlúth leis an Oibrí Acmhainní LRP chun a chinntiú go bhfuil clár Éire Ildánach sa chontae ionadaíoch go hiomlán don phobal. Dá réir sin, beidh LRP ina acmhainn thábhachtach do mheitheal Laois Ildánach agus cabhróidh Pamela Tynan, Oibrí Acmhainní LRP do Laois, lena chinntiú go ndéantar rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt agus i gcur i gcrích an chláir a uasmhéadú.

Tá cuntais mheán sóisialta ar leithligh curtha ar bun do chlár Éire Ildánach i Laois. Tá siad sin le fáil ag www.facebook.com/creativelaois agus twitter.com/creativelaois. Déanfar na cainéil mheán sóisialta sin a fhorbairt agus a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le daoine sa chontae agus níos faide i gcéin maidir le gach gné de dhearadh agus de chur i bhfeidhm an chláir.

Bainfear úsáid as meáin shóisialta na hOifige Ealaíon, na hOifige Oidhreachta agus Sheirbhís Leabharlainne Laoise freisin chun tionscadail agus imeachtaí a chur chun cinn agus chun teagmháil a dhéanamh le lucht éisteachta níos forleithne. Tá dlúthchaidreamh againn leis na meáin áitiúla sna réimsí clóite, craolacháin agus ar líne agus forbrófar an caidreamh sin ar fud ré an chláir chun na tionscadail a chur chun cinn agus chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal ar bhonn áitiúil.

An open invitation was sent out from Creative Ireland and Laois County Council for a public meeting on 3 April 2017 to introduce the concept of Creative Ireland and to ask for ideas on implementation of the programme in the coming years. Further interaction with the wider community is planned to provide opportunities for engagement and collaboration.

The Arts Office and Heritage Office have email lists for news and events. To register for updates please email artsoff@laoiscoco.ie and/or ccasey@laoiscoco.ie. A separate page will be published on the Laois County website, www.laois.ie, with details of published plans and ongoing projects.

Regular in-house meetings are scheduled and the County Coordinator will submit updates to the Chief Executive's Report for County Council meetings on a regular basis. Each member of the team will provide updates to their appropriate Strategic Policy Committee as appropriate and through their contact with groups in the course of their work.

D'eisigh Éire Ildánach agus Comhairle Chontae Laoise cuireadh oscailte i leith cruinniú poiblí ar an 3 Aibreán 2017 chun coincheap Éire Ildánach a thabhairt isteach agus chun smaointe a lorg maidir le cur i bhfeidhm an chláir sna blianta atá romhainn. Tá sé beartaithe go mbeidh tuilleadh idirghníomhaíochta ann leis an bpobal i gcoitinne chun deiseanna le haghaidh rannpháirtíochta agus comhoibriú a chur ar fáil.

Tá liostaí ríomhphoist ag an Oifig Ealaíon agus ag an Oifig Oidhreachta i gcomhair nuachta agus imeachtaí. Chun clárú a dhéanamh i ndáil le faisnéis cothrom le dáta a fháil, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig artsoff@laoiscoco.ie agus/nó ccasey@laoiscoco.ie. Foilseofar leathanach ar leithligh ar láithreán gréasáin Chontae Laoise, www.laois.ie, agus beidh mionsonraí ann faoi phleananna atá foilsithe agus faoi thionscadail atá ar siúl.

Déantar cruinnithe inmheánacha a eagrú go rialta agus soláthróidh an Comhordaitheoir Contae faisnéis cothrom le dáta do Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh do chruinnithe Comhairle Contae ar bhonn rialta. Soláthróidh gach ball den mheitheal faisnéis cothrom le dáta don Choiste Beartais Straitéisigh a bhaineann leo de réir mar is cuí agus trína dteagmháil le grúpaí i gcúrsa a gcuid oibre.

Projects
TIONSCADAIL

CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED PROJECTS FOR 2017

Creative Ireland Community Grant Scheme
A grant scheme has been announced to provide financial support to local and community groups, artistic and creative practitioners, event organisers and those involved in creative activities and projects, to encourage cultural participation throughout Laois.

Cruinniú na Cásca
To celebrate the first Cruinniú na Cásca, on Easter Monday 2017, a stimulating and enjoyable showcase of young people across various art forms took place in the Dunamaise Arts Centre, Portlaoise.

Pollinator Multidisciplinary Art Commission
Working in partnership with Offaly County Council, we have invited artists of any discipline, to respond with a project proposal to explore and bring to a wider audience the importance of pollinators to Irish society. This is based on the All Ireland Pollinator Plan published in 2015.

Music Generation Laois Commission for Harp Orchestra
Music Generation Laois will commission a Composer to create a suite of music for harp orchestra, in collaboration with young harpists from the Music Generation Laois Trad programme. This new work will be premiered as part of a national Tionól: Harps & Pipes in November 2017 in Laois, and will bring over 50 young harpists together to perform as an ensemble.

TIONSCADAIL CHISTITHE FAOI CHLÁR ÉIRE ILDÁNACH DON BHLIAIN 2017

Scéim Deontais Pobail Éire Ildánach
Tá scéim deontais fógartha chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghrúpaí pobail, do chleachtóirí ealaíne agus cruthaitheachta, d'eagraithe imeachtaí agus dóibh siúd atá bainteach le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus le tionscadail chruthaitheacha, d'fhonn rannpháirtíocht a spreagadh ar fud Laoise.

Cruinniú na Cásca
Chun an chéad Chruinniú na Cásca a cheiliúradh, bhí taispeántas spreagúil taitneamhach d'fhoirmeacha éagsúla ealaíne de chuid daoine óga ann in Ionad Ealaíon Dhún Másc, Port Laoise.

Coimisiún Ealaíne Ildisciplíní maidir le Pailneoirí
I gcomhar le Comhairle Chontae Laoise, tá cuireadh tugtha againn d'ealaíontóirí d'aon disciplín togra a chur ar fáil maidir le tionscadal chun scrúdú a dhéanamh ar an tábhacht atá ag pailneoirí do shochaí na hÉireann agus chun aird níos mó daoine a tharraingt ar an ábhar seo. Tá sé seo bunaithe ar an bPlean Uile-Éireann maidir le Pailneoirí a foilsíodh sa bhliain 2015.

Coimisiún Ghiniúint Ceoil Laoise le haghaidh Ceolfhoireann Chláirseach
Coimisiúnóidh Giniúint Ceoil Laoise Cumadóir chun sraith ceoil do cheolfhoireann chláirseach a chruthú i gcomhar le cláirseoirí óga atá páirteach i gclár Trad Ghiniúint Ceoil Laoise. Seinnfear an saothar nua sin den chéad uair mar chuid de Thionól náisiúnta, is é sin, Cláirseacha agus Píobaí, i mí na Samhna 2917 i Laois tráth a dtarraingeofar os cionn 50 cláirseoir óg le chéile chun taibhiú le chéile mar ensemble.

Spoken Word Project
Laois County Council, in partnership with the Arts Council of Ireland and Creative Ireland will host a Spoken Word Residency. The target group for this project are young people, aged 12 to 20 years. Spoken Word is an increasingly popular performance art that many young people use as an outlet for self-expression.

Visual Arts Project
The Laois Arthouse and the Dunamaise Arts Centre will co-host Animate Laois a fun educative animation programme. This will conclude with a celebratory screening for the young participants in the Dunamaise Arts Centre.

Library Branch Events
Membership and visits to Laois County Libraries continues to increase. Children's events and activities will continue to be the focus for Creative Ireland Programme support during 2017. Access to free events, classes, talks and coding workshops will be provided for in 2017. In order to celebrate the creative history of Laois and develop and nurture our cultural and creative heritage, an allocation of funding will allow for additional programming with a focus on Arts, Crafts, Heritage, Science, Technology, Engineering, Art and Maths (STEAM) throughout the eight library branches.

Tionscadal an Fhocail Labhartha
I gcomhpháirtíocht le Comhairle Ealaíon na hÉireann agus Éire Ildánach, feidhmeoidh Comhairle Chontae Laoise mar óstach do Chónaitheacht Focail Labhartha. Is é atá sa spriocghrúpa i gcomhair an tionscadail sin ná daoine óga san aoisghrúpa 12 go 20 bliain d'aois. Tá Focal Labhartha ag éirí níos coitianta ná riamh mar ealaín taibhiúcháin agus baineann cuid mhór daoine óga úsáid as mar mhodh féinléirithe.

Tionscadal Amharcealaíon
Feidhmeoidh Teach Ealaíne Laoise agus Ionad Ealaíon Dhún Másc mar chomhóstach do chlár spraíúil oideachais beochana dar teideal Animate Laois. Cuirfear bailchríoch air sin le taispeáint cheiliúrtha do na rannpháirtithe óga in Ionad Ealaíon Dhún Másc.

Imeachtaí i Leabharlanna Brainse
Tá méadú ag teacht i gcónaí ar bhallraíocht Leabharlanna Contae Laoise agus ar an líon daoine a thugann cuairt ar na leabharlanna. I rith na bliana 2017, leanfar de thacaíocht Chlár Éire Ildánach a dhíriú ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí leanaí. Leanfar de rochtain ar imeachtaí saor in aisce, ar ranganna, ar chainteanna agus ar cheardlanna códúcháin a sholáthar sa bhliain 2017. Chun stair chruthaitheacht Laoise a cheiliúradh agus chun ár n-oidhreacht chultúir agus chruthaitheachta a fhorbairt agus a chothú, beidh leithroinnt maoiniúcháin ann a fhágfaidh go mbeifear in ann cláir bhreise a eagrú a bheidh dírithe ar Ealaíona, ar Cheardaíocht, ar Oidhreacht, ar Eolaíocht agus ar Theicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic (STEAM) i ngach ceann de na hocht leabharlann bhrainse.

Promotional Projects 2017
IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

PROJECTS PROMOTING CREATIVITY IN LAOIS IN 2017.

Arts Programme
Laois County Council delivers a sustainable arts programme. Focusing on the Pillars stated by the Creative Ireland Programme, the Arts Office will implement our programmes to grow and develop these objectives. Our programmes include the Laois Arthouse focusing on residency programmes and curated art projects, Laois School of Music, Music Generation Laois, Laois Youth Theatre, Artist-in-Schools Programme, Midlands Collaborative Programme, Summer Arts, Percent for Art programme, Culture Night, National Drawing Day, Creative Ireland, Arts Act Grants, Tyrone Guthrie Bursary, Centre Culturel Irlandais Bursary, Bealtaine Festival and Leaves Literary Festival. In addition, we will set the wheels in motion for Laois to potentially become an attractive and supported film location.

Laois School of Music
Laois School of Music provides high quality tuition across a range of instruments and is recognised as a Centre of Excellence for music tuition for Laois and surrounding areas. The School of Music has over 300 students in its evening classes with 14 part-time specialised tutors. There is a thriving orchestral programme with up to 60 members that make up the LSM Youth Orchestra who have worked on large events such as the Music Generation Laois New Works Series.

TIONSCADAIL INA NDÉANFAR CRUTHAITHEACHT I LAOIS A CHUR CHUN CINN SA BHLIAIN 2017.

Clár Ealaíon
Soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise clár inbhuanaithe ealaíon. Agus béim á leagan ar na Colúin atá sonraithe i gClár Éire Ildánach, cuirfidh an Oifig Ealaíon ár gcláir i bhfeidhm chun na cuspóirí sin a chur chun cinn agus a fhorbairt. I measc ár gcuid clár áirítear Teach Ealaíne Laoise a bheidh ag díriú ar chláir chónaitheachta agus ar thionscadail ealaíne faoi chúram coimeádaithe, Scoil Cheoil Laoise, Giniúint Ceoil Laoise, Téatar Ógra Laoise, Clár na nEalaíontóirí i Scoileanna, Clár Comhoibríoch Láir Tíre, Ealaíona Samhraidh, clár Céatadán don Ealaín, Oíche Chultúir, Lá Náisiúnta Líníochta, Éire Ildánach, Deontais faoin Acht Ealaíon, Sparánacht Tyrone Guthrie, Sparánacht an Centre Culturel Irlandais, Féile Bhealtaine agus Féile Litríochta Leaves. De bhreis air sin, cuirfimid ar chumas Laoise teacht chun bheith ina hionad tarraingteach scannánaíochta ach tacaíocht a bheith ar fáil chuige sin.

Scoil Cheoil Laoise
Soláthraíonn Scoil Cheoil Laoise teagasc ardchaighdeáin maidir le raon leathan uirlisí ceoil agus tá aitheantas aici mar Ionad Sármhaitheasa i leith teagasc ceoil i Laois agus sna ceantair máguaird. Tá os cionn 300 mac léinn ann i ranganna tráthnóna Scoil Cheoil Laoise agus tá 14 theagascóir pháirtaimseartha speisialtóireachta ann. Tá suas go 60 ball ann i gclár bríomhar ceolfhoirne ina gcuimsítear Ceolfhoireann Óige LSM a bhfuil obair déanta acu ar imeachtaí móra amhail Sraith Saothar Nua Ghiniúint Ceoil Laoise.

Music Generation Laois
Music Generation Laois operates in schools and centres across the County, and over 3000 young people participated in weekly performance music education programmes in 2016. As part of the Creative Ireland programme in Laois, Music Generation Laois will develop 3 music-rich schools in the County, further developing access to high quality performance music education.

Heritage Programme
The Heritage Office is working to implement the Laois Heritage Plan 2014 – 2019, the aims of which complement the pillars of the Creative Ireland Programme, in particular Creativity in the Community. Projects being undertaken in 2017 include Heritage Awareness, with heritage events for Heritage Week, Science Week, Old Fort Festival and others. “Connecting Communities” includes research on historic maps of Laois, community pollinator awareness and commemoration of important figures. In a focus on historic Portlaoise, we are working with Laois Heritage Society and Portlaoise Tidy Towns on a Heritage Council-funded Conservation Plan for the medieval Fort Protector and on conservation at the medieval Old St Peter’s Graveyard. A digital model of Portlaoise created for the public realm strategy will be built upon to create a digital interpretation of the Fort. All of these will be drawn together in the Old Fort Festival in June, in a community-led celebration of the medieval heritage of Portlaoise.

Giniúint Ceoil Laoise
Oibríonn Giniúint Ceoil Laoise i scoileanna agus in ionaid ar fud an Chontae agus ghlac os cionn 3000 duine óg páirt i gcláir sheachtainiúla oideachais taibhithe ceoil sa bhliain 2016. Mar chuid de chlár Éire Ildánach i Laois, forbróidh Giniúint Ceoil Laoise 3 scoil saibhris ceoil sa Chontae, rud a fhorbróidh tuilleadh an rochtain ar oideachas ardchaighdeáin taibhithe ceoil.

Clár Oidhreachta
Tá an Oifig Oidhreachta ag obair chun Plean Oidhreachta Laoise 2014 - 2019 a chur i bhfeidhm, arb é is aidhm dó ná colúin Chlár Éire Ildánach a chomhlánú, go háirithe Cruthaitheacht sa Phobal. I measc na dtionscadal a rachfar ina mbun sa bhliain 2017 áirítear Feasacht Oidhreachta, agus beidh imeachtaí oidhreachta ann le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta, Sheachtain na hEolaíochta, Fhéile an tSeandúin agus imeachtaí eile. Áiríonn “Nascadh Pobal” taighde faoi léarscáileanna stairiúla Laoise, feasacht ar phailneoirí sa phobal, agus comóradh ar phearsana tábhachtacha. Agus béim á leagan ar Phort Laoise stairiúil, táimid ag obair le Cumann Oidhreachta Laoise agus le Bailte Slachtmhara Phort Laoise ar Phlean Caomhantais don Chosantóir Dúin meánaoiseach, le maoiniúchán ón gComhairle Oidhreachta, agus ar obair chaomhantais i Seanreilig Pheadair mheánaoiseach. Bainfear úsáid as múnla digiteach de Phort Laoise a cruthaíodh don straitéis fearainn phoiblí chun léirmhíniúchán digiteach ar an Dún a chur ar fáil. Tarraingeofar na nithe sin ar fad le chéile i bhFéile an tSeandúin i mí an Mheithimh, is é sin, ceiliúradh pobal-bhunaithe ar oidhreacht mheánaoiseach Phort Laoise.

Laois Library Service

Laois Library Service will continue with an extensive programme of cultural and art events throughout the year in all eight library branches. The library participates in both local and national event programmes such as Leaves Literary and Arts Festival , Laois Connects , Seachtain na Gaeilge, Heritage Week, Culture Night, Positive Ageing Week, Children's Book Festival and Science Week.The creative literacy programme includes storytelling, creative writing and support services for both children and adults. We will further develop and facilitate literature and reading with a series of talks, shows and readings on literature and poetry days which will include author readings to book clubs and local schools.

County Archive Programme

We will focus on the cultural heritage of the county with talks on genealogy and family history. Family History days will be held in branch libraries with free access to all, talks on Folklore and Laois customs and changing cultures will also be held.

Seirbhís Leabharlainne Laoise

Leanfaidh Seirbhís Leabharlainne Laoise ar aghaidh le clár forleathan imeachtaí cultúir agus ealaíon ar fud na bliana i ngach ceann de na hocht leabharlann bhrainse. Glacann an Leabharlann páirt i gcláir imeachtaí áitiúla agus náisiúnta amhail Féile Litríochta Leaves agus Ealaíon, Laois Connects, Seachtain na Gaeilge, Seachtain na hOidhreachta, Oíche Chultúir, Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh, Féile Leabhar do Leanaí agus Seachtain na hEolaíochta. Áiríonn an clár litearthachta cruthaithí scéalaíocht, scríbhneoireacht chruthaitheach agus seirbhísí tacaíochta do leanaí agus d'aosaigh. Déanfaimid réimse na litríochta agus na léitheoireachta a fhorbairt agus a éascú tuilleadh trí shraith cainteanna, seónna agus léitheoireachtaí a eagrú ar laethanta litríochta agus filíochta ina n-áireofar léitheoireacht ag údair agus clubanna leabhar agus scoileanna áitiúla.

Clár Cartlainne Contae

Díreoimid ar oidhreacht chultúir an chontae trí chainteanna a eagrú faoi ghinealas agus faoi stair teaghlaigh. Seolfar laethanta Staire Teaghlaigh i leabharlanna brainse agus rochtain saor in aisce do chách orthu agus, chomh maith leis sin, seolfar cainteanna faoi Bhéaloideas agus sean-nósanna Laoise agus faoi chultúir athraitheacha.

Digitisation programme

We will commence the digitisation of Laois County Council archives to include records of Portlaoise Town Council, Laois County Council, Workhouse records and the Helen Roe Archive.

Conservation of Historic Properties

The Creative Ireland Programme includes a focus on the importance of investment in heritage sites. There are almost 1,000 protected structures in Laois, and Laois County Council aims to support the owners of these structures in their care and maintenance. Conservation and maintenance work is being supported through the Built Heritage Investment Scheme and Structures at Risk fund, through the Department of Arts, Heritage, Rural, Regional and Gaeltacht Affairs.

Community Facilities Funding

This funding for capital developments at community level is being managed by the LCDC and Laois County Council. The aim of the Scheme is to enhance communities, address disadvantage and improve social cohesion at a local level by providing access to small-scale capital grants. Projects taking place under the Creative Ireland programme are specifically mentioned as being eligible for funding. The maximum grant is €1,000. The deadline for applications is 30 June 2017.

Clár digitiúcháin

Leanfaimid de dhigitiú a dhéanamh ar ábhair chartlainne Chomhairle Chontae Laoise agus áireoidh sé sin taifid de chuid Chomhairle Baile Phort Laoise, Chomhairle Chontae Laoise agus Theach na mBocht agus Cartlann Helen Roe.

Maoin Stairiúil a Chaomhnú

Mar chuid de Chlár Éire Ildánach airítear béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht i láithreáin oidhreachta. Tá beagnach 1,000 déanmhas cosanta ann i Laois agus tá sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Laoise tacú le húinéirí na ndéanmhas sin i dtaca le cúram a thabhairt dóibh agus cothabháil a dhéanamh orthu. Tá tacaíocht á tabhairt d'obair chaomhantais agus chothabhála trí Scéim na hInfheistíochta san Oidhreacht Fhoirgnithe agus trí chiste na nDéanmhas i mBaol a riarann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Tuaithe, Réigiúnacha agus Gaeltachta.

Maoiniúchán do Shaoráidí Pobail

Tá an maoiniúchán seo d'fhorbairtí caipitiúla ar an leibhéal pobail á bhainistiú ag CÁFP agus ag Comhairle Chontae Laoise. Is é is aidhm don scéim ná feabhas a chur ar phobail, aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste agus feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta ar an leibhéal áitiúil trí rochtain a sholáthar ar dheontais chaipitiúla bheagscála. Tá tionscadail atá á seoladh faoi chlár Éire Ildánach luaite go sonrach mar chláir atá cáilithe chun maoiniúchán a fháil. Is é atá i méid uasta an deontais ná €1,000. Is é atá sa spriocdháta le haghaidh iarratas ná an 30 Meitheamh 2017.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022